Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



# Éire Dhomhanda

## Straitéis na hÉireann um Meiriceá Laidineach agus réigiún Mhuir Chairib go dtí 2025

*Íomhá chlúdaigh: Bratacha Chríocha Mheiriceá © EduLeite/Getty images*

# An Clár Ábhar


**2** Réamhrá

**3** Cuspóirí Straitéiseacha

**4** Cuspóir Straitéiseach 1
*Gníomhóidh Éire chun ár gcomhpháirtíochtaí polaitiúla le tíortha Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib a athrú ó bhonn*

**6** Cuspóir Straitéiseach 2
*Féachfaidh Éire le comhpháirtíocht eacnamaíoch atá láidir agus a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh a thógáil leis an réigiún*

**7** Cuspóir Straitéiseach 3
*Tabharfaidh Éire faoi chur chuige comhoibritheach Fhoireann na Éireann ar fud an réigiúin*

**8** Cuspóir Straitéiseach 4
*Déanfaidh Éire ár bpróifíl ar fud Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib a ardú agus a nuachóiriú, déanfaidh sí ár naisc chultúrtha a dhoimhniú agus neartóidh sí ár naisc leis an diaspóra*

**10** Cuspóir Straitéiseach 5
*Daingneoidh Éire a rannpháirtíocht le comhpháirtithe ó Mheiriceá Laidineach agus réigiún Mhuir Chairib d'fhonn Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach*

# **Éire Dhomhanda:** Straitéis na hÉireann um Meiriceá Laidineach agus réigiún Mhuir Chairib go dtí 2025

## An Fhís

Díreoidh Éire ar chaidreamh nua a chruthú agus ar bheocht a chur in athuair sna naisc atá againn leis an bpríomhréigiún seo, réigiún a mbaineann ríthábhacht leis i ndáil leis an ord domhanda, riailbhunaithe agus iltaobhach atá eadrainn.

Agus muid fós ag déileáil leis an bpaindéim agus lena hiarmhairt, tríd an Straitéis uile rialtais seo um Meiriceá Laidineach agus réigiún Mhuir Chairib, arb í an chéad cheann dá cineál í, athrófar ó bhonn an éifeacht agus an tionchar atá againn agus saothrófar san am céanna ár mbunluachanna comhchoiteanna agus ár gcomhthéarnamh eacnamaíoch.

Aimseoimid bealaí nua níos cliste chun oibriú leis na trí thír is tríocha atá sa réigiún agus muid ag iarraidh todhchaí níos sábháilte, níos cothroime agus níos inbhuanaithe a thógáil i gcomhar le chéile. Cuirfimid malartuithe nuálacha polaitiúla, eacnamaíocha, cultúrtha agus duine le duine i gcroílár ár gcuid iarrachtaí – bíodh siad sin ar leibhéal déthaobhach, ar leibhéal an Aontais Eorpaigh nó ar leibhéal iltaobhach.

## An Comhthéacs

Suas go dtí deireadh an 20ú haois, ní raibh i gceist le lorg fisiceach agus taidhleoireachta na hÉireann i Meiriceá Laidineach agus réigiún Mhuir Chairib (MLC) ach Ambasáid in Buenos Aires. Le scór bliain anuas, tá ár láithreacht agus an tionchar atá againn sa réigiún leathnaithe againn trí roinnt ambasáidí a bheith againn ní hamháin san Airgintín, sa Bhrasaíl, agus i Meicsiceo – arb iad sin trí bhall G20 an réigiúin iad – ach freisin trínár nAmbasáidí sa Cholóim agus sa tSile, mar aon le hArd-Chonsalacht i São Paulo. Faoi láthair, is ionann agus 7% de mhisin taidhleoireachta na hÉireann agus na misin arna ndéanamh sa líonra beag seo, nach bhfuil ach sé oifig ann.

Is mó ná 650 milliún daonra Mheiriceá Laidinigh agus réigiún Mhuir Chairib agus tá meánaicme shuntasach a bhfuil borradh fúithi sa réigiún. Chuaigh paindéim COVID níos crua ar an réigiún ná mar a chuaigh i bhformhór na réigiún eile, ach fós féin, is réigiún domhanda atá ann atá dinimiciúil agus cruthaitheach, le difríochtaí ollmhóra laistigh den iliomad tíortha atá ann agus idir eatarthu, agus freisin i measc a dhaoine agus a chuid cultúr. Ní beag in aon



*Tugann an tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn cuairt ar Phálás an Uachtaráin i Líoma, 2017. © President.ie/Maxwell*

chor an acmhainneacht atá ann comhthairbhe a bhaint as rannpháirtíocht déthreo fheabhsaithe – go déthaobhach agus tríd an AE araon – thar réimse leathan earnálacha. Leis an Straitéis seo, cuirfear go mór lenar gcomhiarrachtaí teacht aniar ó na costais thubaisteacha daonna agus eacnamaíocha a fágadh tar éis na paindéime.

Bhí ról ríthábhachtach ag Éireannaigh i stair an réigiúin, go háirithe sna gluaiseachtaí neamhspleáchais a bhí ann. Chomh maith leis sin, tá traidisiún láidir comhair ag tíortha Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib (MLC) le hÉirinn ó thaobh roinnt dár ndúshláin is bunúsaí lena n-áirítear an comhionannas inscne, cearta an duine, an dí-armáil núicléach, agus, le déanaí, an gníomhú ar son na haeráide, óir gurb é réigiún MLC atá ar an líne thosaigh i ndomhan atá ag dul i dteocht go dainséarach.

Agus muid inár náisiún oileánach, tá dáimh ar leith againn freisin le tíortha Mhuir Chairib. Go suntasach, roinneann Éire grúpa toghthóirí le roinnt tíortha Mhuir Chairib sa Bhanc Domhanda agus sa Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) araon.

Faoin Straitéis seo, oibreoidh Éire le comhpháirtithe sa réigiún chun an iliomad snáitheanna éagsúla seo a bhailiú, agus iad a thabhairt le chéile ionas gur féidir taipéis níos fuinniúla a shnaidhmeadh lena léireofar acmhainneacht iomlán na gcomhpháirtíochtaí atá eadrainn.

# Cuspóirí Straitéiseacha

Ar mhaithe le huaillmhian 'Éire Dhomhanda', agus an fhís a bhaineann lenár gcomhpháirtíocht leis an réigiún amach anseo a bhaint amach, tabharfar aghaidh ar na cúig chuspóir seo a leanas:

**1**

Gníomhóidh Éire chun ár gcomhpháirtíochtaí polaitiúla le tíortha Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib a athrú ó bhonn.

**2**

Féachfaidh Éire le comhpháirtíocht eacnamaíoch atá láidir agus a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh a thógáil leis an réigiún.

**3**

Tabharfaidh Éire faoi chur chuige comhoibritheach Fhoireann na hÉireann trasna an réigiúin.

**4**

Déanfaidh Éire a próifíl ar fud Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib a ardú agus a nuachóiriú, déanfaidh sí a naisc chultúrtha a dhoimhniú agus neartóidh sí a naisc lenár ndiaspóra.

**5**

Daingneoidh Éire a rannpháirtíocht le comhpháirtithe ó Mheiriceá Laidineach agus réigiún Mhuir Chairib d'fhonn Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach.



# 1

## Gníomhóidh Éire chun ár gcomhpháirtíochtaí polaitiúla le tíortha Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib a athrú ó bhonn.

### DÉANFAIMID AN MÉID SEO A LEANAS:

» **Rachaimid** i mbun iarracht dhírithe chun naisc pholaitiúla agus naisc ar an leibhéal oifigiúil a fheabhsú trí chuairteanna a dhéanamh sa dá threo, lena n-áirítear ar na leibhéil pholaitiúla is airde;

» **Bunóimid** oifig nua le haghaidh Mheiriceá Láir a bheidh lonnaithe in Ambasáid na hÉireann i Meicsiceo d'fhonn comhar polaitiúil, eacnamaíoch, cultúrtha, forbartha agus daonnúil san fho-réigiún a fhorbairt;

» **Déanfaimid** gealltanas 'Éire Dhomhanda 2025' a shaothrú trí dhá Ambasáid nua, ar a laghad, a oscailt sa réigiún i rith an ama a bheidh an Straitéis ar bun, ar Ambasáidí iad sin lena léireofar ár gcuid leasanna, deiseanna agus tosaíochtaí nua sa réigiún agus sna fo-réigiúin;

» **Cuirfimid** leathnú ar an gclár comhairliúchán polaitiúil ardleibhéil le comhpháirtithe sa réigiún agus déanfaimid comhairliúcháin ar an leibhéal oifigiúil a reáchtáil le dhá chomhpháirtí MLC, ar a laghad, ar bhonn bliantúil suas go dtí 2025, agus leas á bhaint as teicneolaíochtaí nua chun an t-idirphlé a dhoimhniú agus a leathnú;

» **Daingneoimid** an obair a dhéanaimid le comhpháirtithe Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib ag na Náisiúin Aontaithe agus i bhfóraim réigiúnacha agus fho-réigiúnacha, agus cuirfimid dlús lenár gcomhairliúcháin le comhpháirtithe MLC maidir le saincheisteanna de chuid Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, Chomhthionóil Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus na Comhairle um Chearta an Duine d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh an iltaobhachais de, an t-iltaobhachas a chosaint, agus chun luachanna comhchoiteanna a chur chun cinn go comhpháirteach;

» **Déanfaimid** comhar déthaobhach agus iltaobhach a fhorbairt maidir le cúrsaí a bhaineann le cearta an duine, dí-armáil agus neamhiomadú, cur i bhfeidhm chlár oibre na mBan, na Síochána agus na Slándála (MSS), agus taithí chomhchoiteann ar réiteach coinbhleachtaí;

» **Cuirfimid** le comhpháirtíocht láidir agus rathúil idir an Aontas Eorpach agus MLC trí dhlúthchomhar a dhéanamh le Ballstáit agus institiúidí AE sa réigiún agus sa Bhruiséil, agus trí bheith rannpháirteach go gníomhach i dtionscnaimh idir-réigiúnacha agus déanfaimid Comhaontú Fhondúireacht AE-MLC a dhaingniú freisin;




*'Ireland in Frame', taispeántas grianghrafadóireachta sráide, Cathair Mheicsiceo, 2021.© Verónica Garduño Soto*



*St. John's, príomhchathair Antigua agus Barbúda. Príomhghné na Straitéise seo is ea rannpháirtíocht fheabhsaithe le stáit de chuid Mhuir Chairib. © iStock / Getty Images*

- **Déanfaimid** idirphlé leanúnach a chothabháil le Stáit Oileánacha Bheaga Réigiún Mhuir Chairib i mBéal Forbartha go déthaobhach tríd an Aontas, na Náisiúin Aontaithe agus fóraim iltaobhacha eile agus reáchtálfaimid cruinnithe ar bhonn rialta chun tuairimí a mhalartú agus chun tuilleadh comhair a thógáil i gcomhréir leis na gealltanais arna ndéanamh i Straitéis na hÉireann maidir le Comhpháirtíocht le Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha;
- **Éascóimid** naisc pharlaiminteacha, rialtasacha agus oifigiúla ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta le tíortha i réigiún MLC d'fhonn an leas is fearr is féidir a bhaint as an acmhainneacht atá ann malartuithe digiteacha a dhéanamh, lena n-áirítear trí bhunú Ghrúpa Cairdis MLC san Oireachtas a fhiosrú;
- **Bunóimid** malartú rialta polaiteoirí/ceannairí réigiúnacha óga;
- **Leathnóimid** creidiúnú comhreathach chun an freastal atá againn a leathnú d'fhonn caidreamh foirmiúil taidhleoireachta a bhunú le gach tír sa réigiún;
- **Féachfaimid** le stádas breathnóra a shaothrú i gComhghuaillíocht an Aigéin Chiúin agus forbróimid na deiseanna a thiocfaidh chun cinn dá bharr sin;
- **Forbróimid** tuilleadh luacha trí Chonsail Oinigh bhreise a cheapadh i dtíortha ar fud an réigiúin;
- **Tacóimid** le forbairt na hacmhainneachta atá ag meithleacha machnaimh agus institiúidí taighde de chuid na hÉireann agus réigiún MLC chun comhpháirtíochtaí a chothú agus eagróimid seimineáir agus ceardlanna comhpháirteacha maidir le príomhthéamaí leasa choitinn;
- **Tógfaimid** ar bhunú caidreamh taidhleoireachta le Cómhargadh Mhuir Chairib (CARICOM);
- **Déanfaimid** comhar déthaobhach agus iltaobhach a fhorbairt maidir le comhionannas inscne agus saincheisteanna eile a bhaineann le cúrsaí comhionannais, taithí a chomhroinnt agus dea-chleachtas. Fiosróimid na ceachtanna arna roinnt maidir le rannpháirtíocht pholaitiúil na mban i dtíortha MLC a mhéadú.

# 2



*Cristo Redentor faoi sholas glas i gcomhair Lá Fhéile Pádraig, Rio de Janeiro, 2021. © Dado Galdieri/Sherlock Communications*

## Féachfaidh Éire le comhpháirtíocht eacnamaíoch atá láidir agus a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh a thógáil leis an réigiún.

### Déanfaimid an méid seo a leanas:

- **Oibreoimid** mar Fhoireann na hÉireann chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na deiseanna agus na tairbhí atá ann do ghnó na hÉireann arna dteacht chun cinn mar gheall ar chomhaontuithe trádála, chomhaontuithe comhlachais agus chomhaontuithe AE eile atá ann cheana féin agus a bheidh ann amach anseo leis an réigiún;
- **Fiosróimid** an fhéidearthacht atá ann Comhlachas Tráchtála MLC a bhunú in Éirinn i gcomhar le misin MLC arna gcreidiúnú chun na hÉireann;
- **Déanfaimid** deiseanna rialta a áirithiú do phríomhghnólachtaí na hÉireann agus do cheannairí eile i réigiún MLC chun a gcuid barúlacha maidir le cúrsaí a bhaineann le forbairtí eacnamaíocha réigiúnacha a chur faoi bhráid an Rialtais;
- **Reáchtálfaimid** Fóram Gnó agus Eacnamaíoch idir Éire agus MLC d'fhonn idirphlé a éascú maidir le deiseanna gnó agus d'fhonn nuáil a chur ar taispeáint;
- **Cuirfimid** naisc agus misin trádála, turasóireachta, oideachais, taighde, nuála agus infheistíochta chun cinn agus tabharfaimid tacaíocht do líonraí nua gnó agus líonraí gnó atá ann cheana idir Éire agus MLC trasna an réigiúin;
- **Cuirfimid** forbairt trádála agraibhia chun cinn d'fhonn léargais agus tuiscint ar an margadh a thógáil, go háirithe an méid a bhaineann le comhábhair déiríochta agus earnálacha feola;
- **Bainfimid** an leas is fearr is féidir as na deiseanna atá ann caidreamh eacnamaíoch a chur chun cinn trí na nithe seo a leanas: tacaíocht a thabhairt chun trádáil a éascú, rochtain níos fearr ar an margadh, naisc dhíreacha aeir chuig an réigiún, gréasán leathnaithe comhaontuithe um chánachas dúbailte, nuair is iomchuí, an clár trína dtéitear ar saoire oibre a leathnú agus soláthar cuíchóirithe seirbhísí víosa;
- **Forbróimid** deiseanna chun beartas dea-chleachtais a mhalartú maidir le cúrsaí oideachais;
- **Cuirfimid** Éire chun cinn mar cheann scríbe ardoideachais agus ceann scríbe le haghaidh comhair sa taighde i réigiún MLC, agus aird ar leith á tabhairt do phríomh fhoréigiúin; déanfaimid comhpháirtíochtaí taighde agus soghluaisteachta méadaithe a chur chun cinn idir ollscoileanna, institiúidí agus taighdeoirí in Éirinn agus i MLC, i gcomhréir le Straitéis na hÉireann atá ar na bacáin maidir le hOideachas Idirnáisiúnta agus Taighde;
- **Déanfaimid** comhar maidir le cúrsaí leasa choitinn a chothú idir Stáit Oileánacha Bheaga Réigiún Mhuir Chairib i mBéal Forbartha agus institiúidí na hÉireann, lena n-áirítear an turasóireacht agus an teileachumarsáid, agus fiosróimid an chaoi a bhféadfadh comhpháirtíochtaí duine le duine atá ann cheana bonn a chur le caidreamh trádála agus infheistíochta níos fadtéarmaí, dé réir mar atá leagtha amach i Straitéis na hÉireann maidir le Comhpháirtíocht le Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha;
- **Bainfimid** an leas is fearr is féidir as na deiseanna atá ann do ghnólachtaí na hÉireann iad féin a ailíniú le tosaíochtaí AE le haghaidh an réigiúin agus leas a bhaint as na deiseanna sin, lena n-áirítear maidir le comhghuaillíocht dhigiteach agus geilleagar glas agus ciorclach d'fhonn 'teacht aniar níos láidre'.

# 3

## Tabharfaidh Éire faoi chur chuige comhoibritheach Fhoireann na hÉireann ar fud an réigiúin.



*Déanann foireann Ambasáid Brasília agus Ardchonsalacht São Paulo ceiliúradh ar Bhród le healaíontóirí áitiúla, an Bhrasaíl, 2021.*
*© Marcia Minillo*

### Déanfaimid an méid seo a leanas:

- **Cuirfimid** leis na hacmhainní atá ann cheana chun spriocanna uaillmhianacha na Straitéise a bhaint amach trínár láithreacht sa réigiún a neartú;
- **Fiosróimid** na deiseanna atá ann comhar a dhéanamh agus ceachtanna a roinnt faoi Thionscnamh na hÉireann maidir le hAireacht Eachtrach Ghlas.




*Avenida MacKenna, ascaill a ainmníodh as Vicuña MacKenna, scríbhneoir Sileach, garmhac le Juan MacKenna, laoch de chuid ghluaiseacht neamhspleáchais na Sile, agus a rugadh in Éirinn, Santiago, an tSile, 2021.*
*© DFA*

- **Déanfaimid** an Stiúrthóireacht thiomnaithe nua um Meiriceá Laidineach agus um réigiún Mhuir Chairib a bunaíodh le déanaí sa Roinn Gnóthaí Eachtracha a threisiú chun tacú le cur i bhfeidhm na Straitéise seo;
- **Bunóimid** Cruinnithe Réigiúnacha MLC de chuid Fhoireann na hÉireann a reáchtálfar dhá uair sa bhliain;
- **Bainfimid** an leas is fearr is féidir as na deiseanna arna dteacht chun cinn trí phost a chruthú mar Oifigeach Idirchaidrimh réigiúnach de chuid an Gharda Síochána san fhómhar, 2021, a bheidh lonnaithe in Ambasáid Bogotá.
- **Tógfaimid** ar an mblaiseadh a fuarthas, de bharr na paindéime, den chomhar níos fearr a chonacthas idir na hAmbasáidí d'fhonn imeachtaí agus cláir réigiúnacha a bhfuil baint acu leis an Straitéis a sholáthar;
- **Forbróimid** deiseanna chun go mbeidh feasacht agus tuiscint níos fearr in Éirinn maidir le cúrsaí an réigiúin agus a chultúr, a shochaí agus cúrsaí tráchtála an réigiúin, agus oibreoimid chun go ndéanfaí tuilleadh staidéir ar an Spáinnis agus an bPortaingéilis;
- **Bainfimid** an leas is fearr is féidir as na deiseanna arna dteacht chun cinn a bhuí le Stádas Breathnóra Chomhlaigh na hÉireann laistigh den Chomhphobal de Thíortha Labhartha na Portaingéilise (CPLP) agus a bhuí lena Stádas Breathnóra san Eagraíocht Idirnáisiúnta do Dhomhan na Fraincise (OIF).

# 4

## Déanfaidh Éire ár bpróifíl ar fud Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib a ardú agus a nuachóiriú, déanfaidh sí ár naisc chultúrtha a dhoimhniú agus neartóidh sí ár naisc lenár ndiaspóra.

### Déanfaimid an méid seo a leanas

- **Cuirfimid** cultúr, ealaíona, stair, oidhreacht agus luachanna na hÉireann chun cinn, lena n-áirítear trí cheiliúradh ócáidí amhail Lá Fhéile Bríde, Lá Fhéile Pádraig, Lá Bloom agus Oíche Shamhna, mar aon le húsáid teicneolaíochtaí nuálacha agus imeachtaí fíorúla, ar an láthair, agus imeachtaí a bhfuil freastail mheasctha orthu;



*Dealbh bhrád de Bernardo O'Higgins, Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath, 2021. © Philip Behan*

- **Bunóimid** Mol Cultúrtha Réigiúnach agus déanfaimid Oifigeach Cultúrtha Réigiúnach a cheapadh chun rannpháirtíocht chultúrtha na hÉireann trasna Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib a fheabhsú;
- **Cuirfimid** Éire ar taispeáint mar thír nua-aimseartha, chruthaitheach, agus nuálach in imeachtaí móra gnó agus cultúrtha ar fud an réigiúin;
- **Cuirfimid** comhar struchtúrtha méadaithe idir comhlachais chultúrtha, meithleacha machnaimh agus imeachtaí cultúrtha trasna an réigiúin chun cinn d'fhonn tacú le leathnú an Léinn Éireannaigh sa réigiún;
- **Déanfaimid** aoi-ollúnacht taistil a bhunú le haghaidh an Léinn Éireannaigh laistigh de chúig phríomhollscoil sa réigiún;
- **Tairgfimid** roinnt scoláireachtaí ar bhonn bliantúil chun tacú le mic léinn an Léinn Éireannaigh sa réigiún teacht chun staidéar a dhéanamh in Éirinn;
- **Cuirfimid** aistriúchán litríocht na hÉireann go Spáinnis agus Portaingéilis chun cinn;
- **Tacóimid** le taighde ar stair chaidreamh na hÉireann-Mheiriceá Laidinigh, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí ár dtaidhleoireacht phoiblí a fheabhsú;
- **Reáchtálfaimid** léacht ardphróifíle maidir le caidreamh na hÉireann-MLC ar bhonn bliantúil;
- **Tógfaimid** líonra láidir oifigigh áitiúla taidhleoireachta poiblí agus oifigigh chultúrtha i misin ar fud an réigiúin; neartóimid naisc leis na meáin sa réigiún agus déanfaimid tionchar na nasc sin a threisiú, agus an úsáid a bhainimid as na meáin shóisialta a leathnú d'fhonn borradh a chur faoi phróifíl na hÉireann;
- **Glacfaimid** páirt ghníomhach i dtionscnaimh chultúrtha agus tionscnaimh thaidhleoireachta phoiblí atá faoi stiúir an AE sa réigiún;
- **Déanfaimid** teagmháil lenár gcéimithe idirnáisiúnta, agus deiseanna á bhfiosrú againn líonraí spéise sa réigiún a fhorbairt;



*Foireann pheil na mban, Buenos Aires, 2020. © Hurling Club*

- **Déanfaimid** comhar agus comhoibriú i réimse an spóirt a chur chun cinn agus spreagfaimid tuilleadh forbartha sa réigiún trínár gcuid oibre lenár ndiaspóra agus ár gcomhpháirtíochtaí le CLG agus eagraíochtaí náisiúnta eile spóirt;
- **Déanfaimid** na gealltanais arna ndéanamh i Straitéis Diaspóra na hÉireann, 2020-2025 a chur i bhfeidhm ar mhaithe leis na naisc lenár ndiaspóra, agus lenár ndiaspóra aisimirceach agus ár ndiaspóra dáimhe atá ag méadú, i réigiún MLC a chothabháil agus a athnuachan
- **Déanfaimid** rannpháirtíocht in imeachtaí réigiúnacha ábhartha comórtha a uasmhéadú trasna réigiún MLC d'fhonn tacú lenár gcomhpháirtíochtaí agus infheictheacht na hÉireann a ardú;
- **Déanfaimid** ár gcuid líonraí a éagsúlú tuilleadh, ár dtionchar a dhoimhniú agus ár gcúnamh consalachta a fheabhsú mar chuid de fhreastal agus de thionchar Líonra na gConsal Oinigh a leathnú;
- **Cuirfimid** staidéar i gcrích ar na naisc idir Éire agus réigiún Mhuir Chairib, dé réir mar atá leagtha amach i Straitéis na hÉireann maidir le Comhpháirtíocht le Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha;
- **Cuirfimid** an caighdeán is airde seirbhísí pas agus consalachta agus cúnamh consalachta ar fáil lena léireofar spriocanna ár Straitéise Consalachta, lena n-áirítear comhar réigiúnach – feabhsaithe nuair is iomchuí, trí leathadh amach seirbhísí digiteacha;
- **Rachaimid** i mbun oibre chun a chinntiú go gcuirfear san áireamh inár mbeartas víosa leasanna straitéiseacha, eacnamaíocha agus cultúrtha níos leithne an réigiúin, lena n-áirítear tríd an gColóim agus Peiriú a chur leis an Scéim um Tharscaoileadh ar Víosa Gearrchuairte, trí dheireadh féideartha a chur le táillí víosa agus beartais bhreise chun caidreamh duine le duine a chur chun cinn tuilleadh.

# 5

## Daingneoidh Éire a rannpháirtíocht le comhpháirtithe ó Mheiriceá Laidineach agus réigiún Mhuir Chairib d'fhonn Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach.

### Déanfaimid an méid seo a leanas:

- **Cuirfimid** go gníomhach le forbairt agus cur i bhfeidhm bheartas agus thosaíochtaí AE sa réigiún, lena n-áirítear faoi Thionscnaimh de chuid Fhoireann na hEorpa agus trí ionstraim mhaoiniúcháin nua an Aontais (an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta), d'fhonn aghaidh a thabhairt ar phríomhdhúshláin domhanda lena n-áirítear neamhionannas agus an t-athrú aeráide agus d'fhonn deiseanna dul i mbun comhar triantánach a fhiosrú;



*Glacann Ambasáid Bogotá páirt i dturas chearta an duine in Antioquia, an Cholóim, 2021. © Antonio Castrillon*

- **Forbróimid** comhpháirtíochtaí láidre le tíortha, leis an tsochaí shibhialta agus le gníomhaithe chearta an duine i réigiún MLC agus feabhsóimid ár gcuid gníomhaíochtaí abhcóideachta agus taidhleoireachta poiblí sa réigiún, lena n-áirítear cosaint do Chosantóirí Chearta an Duine agus freastal orthu siúd is faide ar gcúl ar dtús, i gcomhréir le príomhchúram bheartas na hÉireann um fhorbairt idirnáisiúnta 'Dhomhan Níos Fearr';
- **Roinnfimid** an taithí atá ag Éirinn sna réimsí seo a leanas le comhpháirtithe sa réigiún tuilleadh: forbairt eacnamaíoch agus shóisialta, síocháin agus athmhuintearas ar an oileán, leasú bunreachta agus rialachas daonlathach;
- **Tógfaimid** ar na comhpháirtíochtaí atá ann cheana le heagraíochtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear gníomhaireachtaí agus misin de chuid na Náisiún Aontaithe, agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta d'fhonn deiseanna a shainaithint chun saincheisteanna maidir le cearta an duine, síocháin agus réiteach coinbhleachtaí, slándáil bia agus cothú, go háirithe i Meiriceá Láir, agus le geilleagair ghorma agus oráiste i réigiún Mhuir Chairib a chur chun cinn, agus d'fhonn tacú níos mó leis na deiseanna sin;
- **Rachaimid** i mbun oibre le heagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) idirnáisiúnta i Meiriceá Láir d'fhonn múnlaí nuálacha maoiniúcháin, lena n-áirítear cuibhreannais, a fhiosrú trína gcuirfear chun cinn agus trína n-éascófar sochaí shibhialta atá bríomhar agus trína dtacófar le pobail áitiúla;
- **Leanfaimid** den tacaíocht a chuirimid ar fáil do Phróiseas Síochána na Colóime, lena n-áirítear trínar gcuid oibre ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (2021 2022);
- **Déanfaimid** comhar agus rannpháirtíocht leis na stáit i Muir Chairib laistigh dár ngrúpa toghthóirí comhroinnte i CAI agus an Banc Domhanda agus freisin le hInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais réigiúnacha amhail Banc Forbartha Réigiún Mhuir Chairib a mhéadú, rud a d'fhágfadh go mbeadh tuilleadh deiseanna ann oibriú i gcomhar le stáit réigiún Mhuir Chairib;

- **Cuirfimid** tacaíocht ar fáil don ghéarchéim dhaonnúil leanúnach i Veiniséala agus sa réigiún níos leithne agus freagróimid uirthi sin, agus feabhsóimid an phráinnfhreagairt ar eachtraí adhaimsire agus tubaistí nádúrtha eile ar fud an réigiúin;
- **Seolfaimid** sraith dámhachtainí comhaltachta i gcomhréir le cuspóirí na Straitéise seo, lena n-áirítear scéim dámhachtana Ruairí Mhic Easmainn (Cearta an Duine) agus Cecilia Grierson (Comhionannas);
- **Déanfaimid** gealltanais a bhaineann le réigiún Mhuir Chairib a chur i bhfeidhm i Straitéis na hÉireann maidir le Comhpháirtíocht le Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha (SIDS). Áirítear ar na gealltanais sin:
  - An caidreamh atá againn le Saoráid Árachais Riosca Tubaiste Réigiún Mhuir Chairib a dhoimhniú agus an chaoi a mbímid ag plé le sásraí nuálacha maoiniúcháin eile á fiosrú againn san am céanna;
  - Comhpháirtíocht le comhlacht réigiúnach i réigiún Mhuir Chairib a fhiosrú maidir leis an ngeilleagar gorm, bainistiú inbhuanaithe cósta agus muirí a nascadh, píblínte infheistíochta, slite beatha do na boicht, agus fuinneamh in-athnuaite a fhorbairt;
  - Comhpháirtíochtaí a sheoladh agus a chothabháil i gcomhar le Stáit Oileánacha Bheaga Réigiún Mhuir Chairib i mBéal Forbartha, lena n-áirítear Tionscnamh Nuálaíochta Aigéin agus scéim comhaltachta de chuid stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha;
  - Tacú le socrúcháin do Shaorálaithe NA i réigiún Mhuir Chairib;
  - Féachaint le réimsí sonracha comhoibrithe a shainaithint, amhail cumhachtú eacnamaíoch na mban, trí idirphlé le Banc Forbartha Réigiún Mhuir Chairib.
- **Déanfaimid** tacaíocht airgeadais agus abhcóideachta a thabhairt d'iarrachtaí arb é is aidhm dóibh foraois bháistí na hAmasóine a chaomhnú agus úsáid inbhuanaithe na foraoise sin a dhaingniú mar chuid de ghealltanas na hÉireann chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus cosaint a thabhairt do ghrúpaí leochaileacha dúchais;
- **Tacóimid** le gníomhaíochtaí a bhaineann le hoiriúnú agus leis an ngeilleagar gorm i réigiún Mhuir Chairib, lena n-áirítear trí PROBLUE, arb é sin ciste iontaobhais de chuid an Bhainc Dhomhanda lena dtacaítear le hacmhainní muirí agus cósta atá comhtháite, inbhuanaithe agus sláintiúil a fhorbairt;
- **Eagróimid** comhdháil le heagraíochtaí na sochaí sibhialta atá gníomhach sa réigiún agus ar comhpháirtithe iad;
- **Fiosróimid** an acmhainneacht atá ann dul i mbun tionscnaimh fothaithe acmhainne i réimsí amhail riarachán cánach, caiteachas agus bainistiú fiach agus forbairt scileanna i réimsí amhail seirbhísí airgeadais agus an t-athrú aeráide.

---

- Cuirfimid tuairisc ar fáil go bliantúil don Rialtas ar an dul chun cinn i ndáil leis na cúig chuspóir straitéiseacha seo a bhaint amach.




*Cuairt faireacháin ó Chúnamh Éireann, Hondúras, 2019. © DFA*




# Lorg na hÉireann i Meiriceá Laidineach agus réigiún Mhuir Chairib

- Ambasáidí
- Consalachtaí
- Láithreacha an Chomhlachais Forbartha Idirnáisiúnta Faoi Láthair
- Láithreacha Fhiontraíocht Éireann Faoi Láthair

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

ireland.ie